# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

DÉ HAOINE, 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30

**SÉ CHEIST LE FREAGAIRT**

# SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

**1.** Freagair **sé cinn** ar bith díobh seo a leanas:

(a) Scríobh nótaí faoin nglicigin i gcorp an mhamaigh faoi na ceannteidil seo a leanas:
(i) suíomh a táirgthe, (ii) a feidhm.

(b) Maidir le gach ceann díobh seo a leanas, ainmnigh an pháirt den phlanda a mhodhnaítear agus tabhair sampla de phlanda leis an modhnú seo;
(i) bleib, (ii) tiúbar.

(c) Mínigh cén fáth gur i gcontae Dhún na nGall is mó a fhástar prátaí síl.

(d) Luaigh tréith **amháin** a dhéanfadh idirdhealú idir bhaill den fhine Compositae agus baill den fhine Cruciferae agus ainmnigh planda as gach aon fhine díobh.

(e) Tarraing léaráid lipéadaithe chun na príomhthréithe d'ithir phodsail a thaispeáint.

(f) (i) Cén fáth a n-úsáidtear mianraí agus vitimíní forlíontacha in aiste bia ainmhithe feirme?
(ii) Conas a thugtar na forlíontaí seo d'ainmhithe feirme?

(g) (i) Ainmnigh staid larbhach gach ceann díobh seo a leanas: Máirín na smeach, galán.
(ii) Déan cur síos ar an damáiste a dhéanann gach ceann de na larbhaí seo.

(h) Tabhair garluach gach ceann díobh seo a leanas maidir le muca;
(i) meáchan ag am breithe (cileagraim),
(ii) aois teacht chun caithreachais (míonna),
(iii) fad an timthrialla éastrais (laethanta),
(iv) fad na tréimhse iompair (laethanta),
(v) teocht a mholtar le haghaidh an aonaid chráinbhreithe (°C).

(i) Tabhair cúiseanna a mbíonn freagairt níos tapúla i mbarr de thoradh níotráit amóiniam chailciam ná de thoradh úiré.

(j) Luaigh na buntáistí as seagalacha hibrideacha a úsáid seachas seagalach Iodálach as féin.

**(60 marc)**

**2.** (a) Mínigh conas a chuidíonn síonchaitheamh carraigeacha le foirmiú ithreach.

(b) (i) Mínigh na téarmaí seo a leanas mar a úsáidtear iad i gcomhthéacs fás planda in ithir;
1. sástoilleadh an ghoirt, 2. buanphointe sleabhctha, 3. uisce infhála.

(ii) Taispeántar an toilleadh uisce i dtrí shampla ithreach sa tábla a leanas.
1. Céard é an céatadán uisce infhála i sampla A?
2. Cé acu sampla díobh is feiliúnaí do bharr atá ag fulaingt de bharr easpa uisce le linn an tséasúir fáis?
3. Cé acu sampla díobh is feiliúnaí do bharr atá ag fás le linn earraigh fhliuch?

| Sampla ithreach | % Uisce ag Sástoilleadh an Ghoirt | % Uisce ag an bPointe Sleabhctha |
|---|---|---|
| **A** | **6** | **2** |
| **B** | **24** | **12** |
| **C** | **30** | **22** |

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun an ribeadas in dhá ithir chodarsnacha a chur i gcomparáid le chéile.

**(48 marc)**

## Rogha a hAon

**3.** (a) (i) Liostaigh **trí** bhuntáiste a ghabhann le huainíocht na mbarr.
(ii) Ainmnigh **dhá** bharr is féidir a fhás mar bhriseadh rúta oiriúnach in uainíocht ghránaigh.
(iii) Luaigh úsáid **amháin** ar bith is féidir a bhaint as ceann de na barra atá luaite agat.

(b) Liostaigh **ceithre** thoisc a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia san áireamh agus cineálacha gránach á moladh d'fheirmeoirí chun fáis.

(c) Sainaithin an cineál orgánaigh is cúis le gach ceann de na galair seo a leanas agus mínigh conas is féidir gach ceann ar leith díobh a shrianadh nó a chosc;
(i) cnapfhréamh i dtornapaí,
(ii) rolladh duille i bprátaí,
(iii) smoirt scaoilte in eorna,
(iv) carr choiteann i bprátaí.

**(48 marc)**

**NÓ**

## Rogha a Dó

**3.** (a) (i) Luaigh tairbhe amháin as féarach a athshíolú.
(ii) Mínigh an téarma athghasadh.
(iii) Luaigh **dhá** bhealach ar féidir le feirmeoir próiseas an athghasaidh a spreagadh.
(iv) Tabhair **dhá** chúis le próiseas an bharr-bhearrtha le linn shéasúr na hinnilte.

(b) (i) Mínigh an córas innilte "ceannaire-leanúnaí" agus tabhair **dhá** chúis a mbaineann feirmeoirí úsáid as.
(ii) Tabhair **dhá** chúis le seamair a chuimsiú i meascán síolta le haghaidh féaraigh.

(c) Tabhair breac-chuntas ar conas mar is féidir le feirmeoir na coinníollacha is fearr a sholáthar ionas gur féidir le baictéir sadhlas d'ardchaighdeán a tháirgeadh.

**(48 marc)**

**4.** Déan cur síos ar mhodh saotharlainne nó páirce chun **dhá** cheann ar bith díobh seo a dhéanamh amach:

(a) An céatadán siúcra i sampla féir.

(b) Tionchar **aon** toisc thimpeallachta ainmnithe ar bith ar ráta fáis bairr.

(c) Méid na saille ime sa bhainne.

(d) Gníomhaíocht na heinsíme ae, an chataláis.

**(48 marc)**

**5.** (a) Déan cur síos faoi na ceannteidil seo a leanas ar conas is féidir le feirmeoir táirgeadh bainne d'ardcháilíocht a chinntiú; (i) sláinteachas, (ii) comhdhéanamh.

(b) Maidir le tréad déiríochta a bheireann laonna san earrach, déan cur síos ar na cleachtais chothaithe le haghaidh bó le linn na dtréimhsí seo a leanas;
(i) tosach na lacht-tréimhse,
(ii) lár na lacht-tréimhse,
(iii) deireadh na lacht-tréimhse.

(c) Dhá chritéar a mbaintear úsáid astu chun bainistiú tréad diúil a mheas is ea;
(i) éifeachtacht atáirgthe, (ii) eatramh breithe lao.
Mínigh na téarmaí thuas agus tabhair breac-chuntas ar conas is féidir barr feabhais a chur orthu i dtréad diúil a bheireann laonna san earrach.

**(48 marc)**

**6.** (a) Mínigh an difear sa chomhdhéanamh cothaitheach idir cion cothaithe eallach bainne agus cion cothaithe eallach mairteola.

(b) Déan cur síos ar chlár cothaithe an lao óna bhreith go dtí a scoitheadh i dtréad déiríochta a bheireann laonna san earrach.

(c) Liostaigh **ceithre** bhuntáiste a ghabhann le caoire a gheimhriú faoi dhíon.

(d) Mínigh an teicníc a dtugtar beathú réamhreithíochta air i dtáirgeadh caorach agus tabhair **dhá** buntáiste a ghabhann leis.

**(48 marc)**

**7.** (a) Mínigh **ceithre** cinn de na téarmaí seo a leanas, mar a úsáidtear sa ghéineolaíocht iad: sóchán, gnéasnascadh, dioplóideach, ailléilí iolracha, aischrosáil.

(b) Is é an tuismitheoir fireannach a shocraíonn inscne an tsleachta i measc na mamach. Léirigh an ráiteas seo i dtéarmaí na gcrómasóm.


(c) Crosáladh srubh lao leathanduilleach bláthdhearg le srubh lao caolduilleach bláthbhán agus bhí an sliocht uile leathanduilleach agus bláthanna bándearga orthu.
- (i) Mol cúis a raibh an sliocht uile leathanduilleach.
- (ii) Mol cúis a raibh bláthanna bándearga ar an sliocht uile.
- (iii) Liostaigh na feinitíopaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chrosáil idir dhá phlanda heitrisigeacha maidir leis an dá thréith.

**(48 marc)**

**8.** Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c).

(a) Tá feirm ceannaithe le gairid ag feirmeoir agus tá sé i gceist aige barra curaíochta a fhás.
- (i) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thréith ithreach a chinnfeadh oiriúnacht na hithreach don churaíocht.
- (ii) Maidir le **ceann** de na tréithe ithreach atá luaite agat in (i), déan cur síos ar;
  1. conas a thomhaisfí é,
  2. conas a bheadh tionchar aige ar fhás barr curaíochta <u>ainmnithe</u>.

(b) Taispeántar gearradh trí chuid de dhuille sa léaráid.
- (i) Ainmnigh na cealla a bhfuil na lipéid A, B, C, D orthu.
- (ii) Luaigh **dhá** ghné den duille a bhfuil baint acu lena ról san fhótaisintéis.
- (iii) Ainmnigh **dhá** ghás a d'fhéadfadh imeacht as an duille tríd an stóma.
- (iv) Scríobh cothromóid cheimiceach chothromaithe do phróiseas na fótaisintéise.



(c) Scríobh nóta gearr ar **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:

(i) Monacotailéadóin agus déchotailéadóin.
(ii) Osmóis agus idirleathadh.
(iii) Riospráid aeróbach agus riospráid anaeróbach.
(iv) Miotóis agus méóis.

**(48 marc)**

**9.** Tabhair míniú eolaíoch ar **cheithre** cinn díobh seo a leanas:

(a) Ithir a fheabhsú trí aol a leathadh air.

(b) Duillí buí a theacht ar phlandaí bairr.

(c) Fál sceach i ngort á bhearradh (sciotadh).

(d) Dath glas a theacht ar phrátaí.

(e) Gáis á dtáirgeadh in umar sciodair.

**(48 marc)**

LEATHANACH BÁN